#GAAgaeilge




D E I R E A D H   F Ó M H A I R   2 0 2 5

# Clár


Teachtaireacht an Uachtaráin, Iarlaith Ó Broin ... 3
Teachtaireacht ó Áine Uí Choinn, Cathaoirleach Choiste Náisiúnta na Gaeilge ... 4
Na Gaiscígh: Darragh Ó Sé, Ciarraí agus an Ghaeltacht ... 5
Do Threibh, Do Chontae ... 6
Todhchaí na hIomána - An Seó Bóthair ... 7
Foireann Bhuacach Thiobraid Árann 2025 ... 8
Tiobraid Árann buacach agus Ciarraí mar phlúr na bpeileadóirí faoi na rialacha nua ... 9
10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh! ... 11
Clár Ceannródaíoch na Scoláireachtaí Gaeilge ... 12
Foireann Bhuacach Chiarraí 2025 ... 13
Amhrán na bhFiann - Tuiscint, Meas agus Cur le Chéile ... 14
Os cionn 300 iománaí óg páirteach sna GAAgaeilge Go Games i bPáirc an Chrócaigh ... 15
Ceithre churadh nua tar éis na scléipe ag Comórtas Peile na Gaeltachta ... 16
Corn Bhreandáin Uí Mháirtín ag Mná na Príomhchathrach ... 19
Laochra Gael - Tír Chonaill Abú ... 20
Corn Uí Dhufaigh leis an ngeimhreadh a chaitheamh i nGaillimh i measc na dtreabh ... 23
Na Gaiscígh: Seosamh Ó Conghaile – a mhuintir na Gaillimhe, grá ár gcroí sibh! ... 24
Séasúr Scór na nÓg 2025 faoi lánseol ... 25
Roinnt Téarmaí don Fhoireann Bainistíochta ... 26
Crosfhocal ... 27
Camchuairt Cheolmhar na hÉireann ... 28
Freagraí ... 31



# Teachtaireacht an Uachtaráin

A chairde,

Cúis mhór áthais dom fáilte a chur romhaibh mar Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael chuig an eagrán seo de ‘Cuaille’ – iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Tá súil agam go mbainfidh sibh idir shult agus thaitneamh as na míreanna éagsúla atá in eagrán na ráithe seo. I measc na míreanna sin, tá ailt ar scléip an tsamhraidh, crosfhocal, tráth na gceist, Comórtas Peile na Gaeltachta, GAAgaeilge Go Games, míreanna club agus go leor eile. Bainigí sult astu.

Cé gur eagras spóirt é Cumann Lúthchleas Gael go príomha tá ról lárnach ag an Ghaeilge agus ag cúrsaí cultúir in obair an Chumainn. Tugann rudaí ar nós na hirise seo deis dúinn an Ghaeilge a shníomh isteach go nádúrtha inár gcuid cluichí agus inár gcuid gníomhaíochtaí. Tá ceangal láidir idir ár gcluichí agus an Ghaeilge agus tá an t-ádh orainn mar Chumann go bhfuil an Ghaeilge ag an oiread ball agus imreoirí agus atá. Cúis bhróid é sin dúinn uilig.

Ceann de na tograí is mó atá againn i leith na Gaeilge ná Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha agus ba mhaith liom buíochas a dhéanamh lenár bpáirtnéirí sa scéim, Glór na nGael. Beidh ócáid bhronnta na Fondúireachta ar siúl i bPáirc an Chrócaigh i mí na Samhna agus tá muid ag dúil go mór le fáilte a chur roimh na clubanna a bheidh ag glacadh le boinn mar aitheantas ar a gcuid oibre i leith na Gaeilge ar an oíche.

Maidir le cúrsaí ar an pháirc imeartha, tá Craobhchomórtais na gClubanna go maith faoi lánseol faoin tráth seo agus tá scoth na gcluichí le feiceáil seachtain i ndiaidh seachtaine ar fud na tíre. Tagann na cluichí seo sna sála ar na craobhchomórtais idirchontae den chéad scoth a bhí againn i mbliana. Chonaic muid go leor sárchoimhlintí sna craobhacha iomána agus bhí na craobhacha peile chomh maith agus a bhí siad riamh. Tá cluiche den chéad scoth againn arís a bhuíochas leis na rialacha nua agus ba mhaith liom aitheantas agus buíochas a thabhairt do Choiste Athbhreithnithe na Rialacha as ucht a gcuid oibre agus as a gcuid dúthrachta le beagnach dhá bhliain anuas.

Tá séasúr Scór na nÓg ar ais agus ba mhaith liom gach rath a ghuí ar na daoine óga uilig a bheidh ag glacadh páirte i mbabhtaí éagsúla contae de chuid Scór na nÓg uaidh seo go ceann roinnt seachtainí. Molaim go mór iad. Mar a deir an seanfhocal – mol an óige agus tiocfaidh sí!

Idir an dá linn, bainigí sult as Cuaille. Tá rud inteacht ann d’achan duine beag beann ar chumas Gaeilge agus ar aois!

Beirigí bua agus beannacht,

Iarlaith Ó Broin

*Iarlaith Ó Broin*
*Uachtarán*
*Chumann Lúthchleas Gael*



# Teachtaireacht ó Áine Uí Choinn

A chairde,

Thar ceann Choiste Náisiúnta na Gaeilge ba mhaith liom fáilte a chur romhaibh uilig chuig an eagrán is deireanaí seo de 'Cuaille', iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael. Tá súil agam go mbainfidh sibh idir shult agus thairbhe as na rudaí éagsúla atá in eagrán na ráithe seo.

Tá go leor i ndiaidh tarlú ó bhí eagrán deireanach Cuaille ann i mí an Mhárta seo caite. I measc na mbuaicphointí a bhí againn, bhí na Go Games Gaeilge ar siúl i mí an Mheithimh áit a raibh deis ag na céadta iománaí óg ó chlubanna Gaeltachta, ó ghaelscoileanna agus ó phobail láidre Gaeilge teacht le chéile agus imirt i bPáirc an Chrócaigh le ceiliúradh a dhéanamh ar an Ghaeilge agus ar an iomáint. Bhí deis ag na himreoirí óga bualadh le hAmbasadóir na Gaeilge, Fergal Whitely, áit a raibh sé gnóthach i mbun réiteoireachta agus cóitseála ar an lá i measc rudaí eile!

Ar an bharr sin, bhí Comórtas Peile na Gaeltachta ar siúl cúpla seachtain roimhe sin i nGaeltacht Ráth Chairn i gcontae na Mí. Tháinig na céadta Gael óg idir fir agus mná le chéile ó na seacht gcontae Ghaeltachta, agus ó chlubanna i mBaile Átha Cliath agus i mBéal Feirste, agus bhí deireadh seachtaine den scoth peile againn. Bhí sé iontach an oiread imeachtaí Gaeilge a fheiceáil mar chuid den fhéile chomh maith.

Uaidh seo go ceann cúpla mí eile tá muid ag dúil le Fóram na nÓg agus beidh deis ag baill óga de chuid Chumann Lúthchleas a gcuid tuairimí a nochtadh maidir le hachan ghné den Chumann, agus an Ghaeilge ina measc, agus iad ag cuidiú linn an chéad chaibidil eile de CLG a mhúnlú.

Dar ndóigh, ceann de bhuaicphointí na bliana ar fhéilire Chumann Lúthchleas Gael achan bliain ná ócáid bhronnta Fhondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha agus tá muid ag dúil go mór le fáilte a chur roimh chlubanna ó na ceithre hairde chuig an ócáid seo i bPáirc an Chrócaigh i mí na Samhna.

Idir an dá linn, bainigí taitneamh as Cuaille. Tá rud inteacht ann d'achan duine idir lucht an chúpla focal, lucht na Gaeilge briste agus lucht na Gaeilge cliste. Tá gné-ailt, nuacht, cuardach focal agus go leor eile le fáil in eagrán na ráithe seo.
Beirigí bua,

*Áine Uí Choinn*
*Cathaoirleach*
*Choiste Náisiúnta na Gaeilge, CLG*

Le Jamie Ó Tuama

# Na Gaiscígh: Darragh Ó Sé, Ciarraí agus an Ghaeltacht




Bhí Darragh an-chleachtach le céimeanna Ardán Uí Ógáin agus le Corn Shomhairle Mhig Uidhir




Is iomaí éacht a rinne Darragh Ó Sé lena chlub, Cumann Caide na Gaeltachta

Bhí Darragh Ó Sé ar dhuine d'imreoirí a linne. Bhí sé ag an stiúir i lár na páirce ar feadh os cionn cúig bliana dhéag lena chlub, An Ghaeltacht, agus lena chontae, Ciarraí. Le linn an ama sin d'éirigh leis sé cinn ar fad de chraobhacha uile-Éireann a bhuachan le Ciarraí agus d'éirigh leis Craobh na Mumhan a bhuachan lena chlub agus Cluiche Ceannais na hÉireann a bhaint amach.

Duine de cheathrar deartháireacha, rugadh agus tógadh Darragh in Ard an Bhóthair i nGaeltacht Chorca Dhuibhne sa bhliain 1975. Bhí an 'chaid' go smior ann ón gcéad lá agus é ina chónaí béal dorais lena uncail Páidí a bhuaigh ocht gcinn ar fad de chraobhacha uile-Éireann le linn ré órga na peile Gaelaí i gCiarraí sna seachtóidí agus sna hochtóidí.

Bhí Páidí ina bhainisteoir buacach ar Chiarraí ina dhiaidh sin agus bhí beirt dá chuid mac dearthár ar an bhfoireann – Darragh agus Tomás. D'imir deartháireacha eile Dharragh, Feargal, le foirne faoi aois Chiarraí, freisin, ach bhí air éirí as agus é óg de bharr gortaithe. Cúig cinn ar fad de chraobhacha uile-Éireann a bhuaigh an deartháir eile, Marc, le Ciarraí. Is iomaí lá a chaith Darragh ag cleachtadh a chuid scileanna peile lena dheartháireacha agus é óg in Ard an Bhóthar agus, dar ndóigh, lena chlub, Cumann Caide na Gaeltachta, i nGallaras. Nach tráthúil go raibh an ceathrar acu ar an bpainéal a chuaigh a fhad le Cluiche Ceannais na hÉireann sa bhliain 2004.

D'imir Darragh 81 cluiche craoibhe ar fad le Ciarraí idir na blianta 1994 agus 2009 agus d'imir sé 95 cluiche ar fad sa tsraith. 1-31 ar fad a d'aimsigh sé sa chraobh le linn an ama sin agus 1-26 ar fad a d'aimsigh an fear lár páirce sa tsraith. Sé cinn ar fad de chraobhacha uile-Éireann a bhuaigh sé chomh maith le naoi gcinn de chraobhacha na Mumhan. Bhuaigh sé trí cinn de shraitheanna náisiúnta le linn an ama sin, freisin, agus bronnadh ceithre cinn de Ghradaim All-Star air mar aitheantas ar a chuid gaiscí ar an bpáirc imeartha.

Bhuaigh Ó Sé Craobh na Mumhan lena chlub, Cumann Caide na Gaeltachta, agus cé go raibh briseadh croí in ann dó in aghaidh na Cealtraí ó Ghaillimh d'éirigh leo Cluiche Ceannais na hÉireann a bhaint amach sa bhliain 2024.

D'imir Ó Sé le mionúir agus le foireann f21 Chiarraí chomh maith agus bhuaigh sé Corn Uí Thrínsigh le DIT sa bhliain 1995. Bhuaigh sé bonn uile-Éireann an bhliain chéanna le foireann f21 Chiarraí nuair a fuair siad an ceann is fearr ar Mhaigh Eo tar éis athimeartha. Bhuaigh sé bonn eile f21 an bhliain dar gcionn nuair a fuair Ciarraí an ceann is fearr ar an gCabhán sa chluiche ceannais.

Bhuaigh sé Corn an Iarnróid le cúige Mumhan sa bhliain 1999 agus bhuaigh sé bonn buacach le hÉirinn sna rialacha idirnáisiúnta in aghaidh na hAstrála sa bhliain 2001.

Áirítear Darragh Ó Sé i measc na bpeileadóirí is fearr lár páirce a d'imir an pheil Ghaelach riamh.

# Do Threibh, Do Chontae



## Cé hé do bhainisteoir peile?

### LAIGHIN

Áth Cliath – Ger Brennan
An Mhí – Robbie Brennan
Cill Dara – Brian Flanagan
Ceatharlach – Joe Murphy
Lú – Gavin Devlin
CIll Mhantáin – Oisín McConville
Loch Garman – John Hegarty
Laois – Justin McNulty
Uíbh Fhailí – Mickey Harte/Declan Kelly
An Longfort – Mike Solan
An Iarmhí – Mark McHugh

### ULAIDH

Muineacháin – Gabriel Bannigan
An Cabhán – Dermot McCabe
Dún na nGall – Jim McGuinness
An Dún – Conor Laverty
Doire – Ciarán Meenegh
Ard Mhacha – Kieran McGeeney
Tír Eoghain – Malachy O'Rourke
Aontroim – Mark Doran
Fear Manach – Declan Bonner

### CONNACHTA

Gaillimh – Pádraic Joyce
Maigh Eo – Andy Moran
Ros Comáin – Mark Dod
Sligeach – Éamonn O'Hara/Dessie Sloan
Liatroim – Steven Poacher
Londain – Michael Maher

### AN MHUMHAIN

Ciarraí – Jack O'Connor
Corcaigh – John Cleary
Luimneach – Jimy Lee
An Clár – Paul Madden
Tiobraid Árann – Philly Ryan
Port Láirge – Ephie Fitzgerald



# Todhchaí na hIomána

## Le hAedín Ní Bhriain

Mar chuid den tionscnamh um Fhorbairt Iomána ag an Leibhéal Náisiúnta, tionóladh cruinniú i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach ar an 6 Meitheamh chun todhchaí ár gcluiche a phlé. Tugadh cuireadh do lucht iomána an chúige teacht chun a dtuairimí a roinnt. Cuireadh tús leis an oíche le cur i láthair ó Chiarán Ó Lidí, Príomhfheidhmeannach CLG na Mumhan, ó Sheosamh Mac Artáin, Ceannaire Forbartha na hIomána i gCúige Mumhan agus Liam Ó Meachair, Ceannaire Náisiúnta na hIomána.

Leagadh béim ar láidreacht na hiomána i gCúige Mumhan – Na sluaite, níos mó ná riamh (os cionn 330,000 duine) ag freastal ar ár gCluichí sa Chraobh i mbliana, an fás atá tagtha ar an tóir atá ar chluichí ar ardáin ar nós Instagram agus Tik Tik ag próifíliú scileanna an chluiche dár ndéimeagrafaic óige, an tIonad Barr Feabhais in MIC Luimneach, an tábhacht stairiúil a bhaineann le hIománaíocht na Mumhan thar na mblianta le leithéidí na Doyles, Christy Ring, Mick Mackey i measc na ngnéithe iomadúla a luadh.

Cé go n-aithnítear gurb é Craobh Iomána na Mumhan an tseoid sa choróin faoi láthair, tugadh tús áite don tábhacht a bhaineann le forbairt agus pleanáil don todhchaí. Ar cheart dúinn a bheith ag féachaint ar leagan hibrideach den chluiche dóibh siúd nach mbeidh ag imirt ar ardleibhéal comórtasach? Conas is féidir linn an iomáint a chur chun cinn in áiteanna ina bhfuil daingean ag cóid eile ar leibhéal faoi aois faoi láthair? Conas a leanaimid orainn ag mealladh daoine atá nua anseo in Éirinn chuig ár gcluiche? Tá go leor dúshlán fós ann – an gá atá le forbairt riachtanach a dhéanamh ar shaoráidí, páirceanna saorga, réimse faoi dhíon, an dúshlán a bhaineann leis an gcluiche a fhorbairt i lárionaid mhóra uirbeacha, athmhachnamh a dhéanamh ar mhúnla an chlub atá bunaithe ar shamhail an pharóiste inár dtír, in Éirinn atá ag síorathrú.

Saincheisteanna praiticiúla amhail costas trealaimh, costais árachais, róbhéim ar an lúthchleasaíocht in ionad scileanna, aonrú clubanna áirithe sa chúige atá i bhfad ó chlubanna iomána eile, áit nach í an iománaíocht an príomhchluiche go háitiúil agus an tsaincheist a bhaineann le hachair fhada a thaisteal chuig cluichí - sin cuid de na dúshláin atá ann dóibh siúd a chuireann an iománaíocht chun cinn i gCúige Mumhan. I gcásanna eile, ní féidir le clubanna freastal ar an líon daoine atá ag iarraidh páirt a ghlacadh, mar gheall ar easpa cóitseálaithe, oibrithe deonacha, ama agus áiseanna atá ar fáil.

Leag Liam Ó Meachair béim ar an tábhacht a bhaineann lenár gcumas dul i ngleic le h-athrú, ag teacht leis na príomhchoincheapa atá lárnach dár n-eagraíocht – teaghlach, pobal, club, nasc, cúram, soiléireacht agus carachtar. Teastaíonn fís shoiléir uainn don todhchaí a chumhachtaíonn muintir na hiománaíochta áitiúla. Ní mór dúinn pleanáil agus freagracht a chur chun cinn, chomh maith le fás an chluiche i gceantair nach bhfuil ionadaíocht acu faoi láthair.

Aithníodh gurb iad na déimeagrafaic an dúshlán is mó atá romhainn amach. Ní mór dúinn leibhéil rannpháirtíochta a mhéadú, agus meastar gur saincheist lárnach é an t-oideachas do chóitseáilithe. Trí thuairimí na ndaoine sin atá fréamhaithe i saol na h-iomána go laethúil a chloisteáil, cuideofar le conair chomhtháite a chruthú don phleanáil amach anseo, lena sainaithneofar na riachtanais laistigh de phobal na hiománaíochta. Tá an iomáint inár DNA – is linne í. Tá seoid álainn againn, agus caithfimid í a chur agus a choinneáil i lár an aonaigh, í a neartú agus a chaomhnú.




*Willie Maher ag caint ag Seó Bóthair na hIomána i bPáirc an Chrócaigh le gairid*




# Foireann Bhuacach Thiobraid Árann 2025

# Tiobraid Árann buacach agus Ciarraí mar phlúr na bpeileadóirí faoi na rialacha nua

**Le Jamie Ó Tuama**

Céard is féidir linn a rá faoin scléip a bhí againn i gcraobhchomórtais idirchontae iomána agus peile na bliana seo? Na Tiobraidigh agus na Ciarraígh mar rogha na rogha agus beocht dochreidte sna craobhchomórtais uile!

Ní bhíonn an dá fhathach seo riamh i bhfad ó na gradaim mhóra deireadh bliana ach cé a thuarfadh gurbh iad a bheadh ar bharr an dréimire ag tús na craoibhe beagnach ocht mí ó shin?

Fágann scléip an tsamhraidh go bhfuil foirne buacacha difriúla againn sa chraobh don tríú bliain i ndiaidh a chéile san iomáint agus sa pheil. Tá ré seo na peile agus na hiomána chomh hiomaíoch agus a bhí riamh.

Ag deireadh na bliana seo caite bhí foireann Liam Cahill agus na Tiobradaigh in ísle brí, rud a d'fhág go raibh brú mór orthu dul chun cinn a dhéanamh i mbliana. Bhailigh siad chucu féin faoi stiúir Cahill, mar sin féin, agus bhí comharthaí soiléire ann ó thus na sraithe go mbeadh obair mhór le déanamh ag an bhfoireann a gheobhadh an ceann is fearr orthu.

Thosaigh Tiobraid Árann amach go deas tomhaiste i gCraobh na Mumhan agus ba ag bailiú nirt a bhí siad le gach cluiche agus bhí sé sin le feiceáil ina gcuid taispeántas. Cé gurbh iad Corcaigh agus Luimneach a bhain Cluiche Ceannais na Mumhan amach, bhí siad in áit mhaith agus iad dírithe ar an duais mhór agus ar scléip an tsamhraidh.

D'fhág buanna ar an gClár agus ar Phort Láirge, chomh maith le comhscór ina aghaidh Luimnigh sa chéad chluiche craoibhe, go raibh siad tríd chuig Craobhchomórtas na hÉireann.


Ina dhiaidh sin, bhí bua compordach acu ar Laois i mbabhta cáilithe don chluiche ceathrú ceannais. D'fhág an bua sin i gCluiche Ceathrú Ceannais na hÉireann iad áit a bhfuair siad an ceann is fearr ar Ghaillimh. Bhuaigh siad ar Chill Chainnigh i sárchluiche sa chluiche leathcheannais agus chinntigh siad go raibh Corn Liam Mhic Cárthaigh ag gabháil ar ais go Tiobraid Árann leo, nuair a d'éirigh leo bua stairiúil a fháil ar Chorcaigh i gCluiche Ceannais na hÉireann.

Maidir le Ciarraí agus an rás le haghaidh Chorn Shomhairle Mhig Uidhir, níl aon amhras faoi ach gur fheil na rialacha nua, a thug saoirse nua dá gcuid tosaithe, dóibh. Thug an saoirse seo deis do leithéidí David agus Paudie Clifford damáiste a dhéanamh ar chlár na scór de bharr an spás a bhí acu.

D'éirigh leo Craobh na Mumhan a bhuachan don chúigiú huair i ndiaidh a chéile tar éis dóibh bua dhá phointe a fháil ar Chorcaigh sa chluiche leathcheannais tar éis am breise, agus bua compordach a fháil ar an gClár sa chluiche ceannais.

Ina dhiaidh sin, chuaigh siad ar aghaidh chuig grúpaí Chraobh na hÉireann áit a raibh buanna acu ar Ros Comáin agus ar Chorcaigh. Bhí go leor den tuairim go raibh port Chiarraí seinnte, áfach, tar éis don Mhí, a raibh aiséirí le feiceáil iontu faoi stiúir Robbie Brennan i mbliana, an ceann is fearr a fháil orthu sa ghrúpa. A mhalairt a bhí i ndán dóibh, áfach. Thóg an cáineadh a rinneadh orthu tar éis an chluiche sin le chéile iad mar ghrúpa agus thug sé spreagadh dóibh barr an dréimire a bhaint amach.

Thug siad aghaidh ar an gCabhán ina dhiaidh sin sa



*Captaen Fhoireann Thiobraid Árann, Ronan Maher, ag ardú Chorn Liam Mhic Cárthaigh*



*Captaen Chiarraí, Gavin White, ag ardú Chorn Shomhairle Mhig Uidhir*

bhabhta cáilithe do na cluichí ceathrú ceannais agus fuair siad an ceann is fearr ar a gcéilí comhraic. Bhuaigh siad ar sheaimpíní 2024, Ard Mhacha, ina dhiaidh sin agus bhí siad fágtha le cluiche in aghaidh a seanchairde, Tír Eoghain, le Cluiche Ceannais na hÉireann a bhaint amach. Bhí sé chúilín le spáráil acu ar a gcéilí comhraic an lá sin agus bhí a n-áit deimhnithe acu i gCluiche Ceannais na hÉireann in aghaidh Dhún na nGall. Thug siad sárthaispeántas an lá sin lena 39ú Craobh Peile Uile-Éireann a bhuachan.

Nuair a chuimhnítear siar ar bhliain iomána 2025, cuimhnítear ar Chorcaigh agus a lucht tacaíochta, ar ghaiscí Átha Cliath in aghaidh Luimnigh le Cluiche Leathcheannais na hÉireann a bhaint amach, ar laochra Thiobraid Árann agus ar éachtaí Noel McGrath, Jake Morris agus Darragh McCarthy i measc daoine eile.

Maidir le bliain peile 2025 is ar ghaiscí Lú agus na Mí a chuimhnítear i gCraobh Laighean agus beocht sa chraobh sin an athuair. Cuimhnítear, freisin, ar na hUltaigh – laochra Dhún na nGall agus Ard Mhacha ach go háirithe. Níos mó ná rud ar bith eile cuimhnítear ar éachtaí Chiarraí agus ar a gcuid gaiscíoch Paudie agus David Clifford, Gavin White agus ar Joe O'Connor i measc daoine eile.

Bliain stairiúil agus Coirn Mhic Cárthaigh agus Mhig Uidhir ar lóistín i gcúige Mumhan ar feadh bliana. Thugadar féin an samhradh leo...

# TABHAIR MEAS TUILL MEAS

Ár gcluichí. Ár rogha.




*Conor Lehane i mbun a cheirde*

# 10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh!

*Ná bígí ag googláil!*

1. Cén contae ar a dtugtar Na Déise?
2. Ce hé bainisteoir sinsear peile Dhún na nGall?
3. Cérbh é 'Iománaí na Bliana 2024'?
4. Cé leis a n-imríonn Kieran McGeary?
5. Cá mhéad gradam All-Star atá ag David Clifford?
6. Cé a bhí mar Uachtarán CLG roimh Iarlaith Ó Broin?
7. Cá n-imríonn Cill Chainnigh a gcuid cluichí baile?
8. Cé leis a n-imríonn Conor Lehane?
9. Cé hiad Curaidh Iomána Shinsear Club na hÉireann?
10. Ce hiad curaidh reatha peile Laighean?

**FREAGRAÍ**

# Clár Ceannródaíoch na Scoláireachtaí Gaeilge á chur ar fáil arís d'Imreoirí Idirchontae ag Gaelchultúr, Cumann Lúthchleas Gael agus Cumann Imreoirí Gael




*Clár Ceannródaíoch na Scoláireachtaí Gaeilge á chur ar fáil arís d'Imreoirí Idirchontae ag Gaelchultúr, Cumann Lúthchleas Gael agus Cumann Imreoirí Gael*

100 scoláireacht ar fáil arís i mbliana mar thoradh ar an éileamh agus an rath as cuimse a bhí ar an gclár in 2024.

Tá áthas ar Ghaelchultúr, CLG agus Cumann Imreoirí Gael a fhógairt go bhfuil siad ag cur lena gclár ceannródaíoch scoláireachtaí don dara bliain. Beidh deis ag 100 imreoir idirchontae staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge arís i mbliana.

Seoladh an tionscnamh seo in 2024, le tacaíocht ón gCumann Camógaíochta agus Peil na mBan freisin, agus mheall sé go leor imreoirí ar fud na tíre. Agus an clár seo á eagrú arís i mbliana, is léir go bhfuil fonn ar scoth-lúthchleasaithe a gcuid Gaeilge a neartú agus go bhfuil níos mó aitheantais á thabhairt don ról lárnach atá ag an nGaeilge in Éirinn sa lá atá inniu ann.

De réir torthaí ó staidéar náisiúnta a rinne Gaelchultúr i gcomhar le Amárach Research le déanaí, tá aiféala ar 66% de dhaoine fásta nach bhfuil Gaeilge labhartha níos fearr acu agus dúirt beagnach trí cheathrú díobh (74%) gur mhaith leo feabhas a chur ar a gcumas sa teanga. Chomh maith leis sin, d'aontaigh 73% de na freagróirí go bhfuil an teanga riachtanach d'fhéiniúlacht náisiúnta na tíre agus chreid 70% acu go mbeadh cultúr na hÉireann ní ba bhoichte gan í.

Trí pháirt a ghlacadh sa chlár seo, freastalóidh na himreoirí idirchontae ar chúrsaí idirghníomhacha ar líne le Gaelchultúr le cur lena muinín an Ghaeilge a úsáid ina saol laethúil agus leis seo, beidh tionchar dearfach acu ar úsáid na teanga ina gclubanna, ina gcontaetha agus ina bpobail féin.

**Agus é ag labhairt faoin scéim, dúirt Iarlaith Ó Broin, Uachtarán CLG:**

'Léiríonn an chomhpháirtíocht seo an nasc domhain agus buan atá idir ár gcluichí agus ár dteanga náisiúnta. Is léir ón mhóréileamh ar an chlár anuraidh go bhfuil fíorspéis i measc ár n-imreoirí sa Ghaeilge. Spreagann ár n-imreoirí daoine de gach aois, agus tríd an teanga a chothú ar an bhealach seo, léiríonn siad nach cuid dár n-oidhreacht amháin í an Ghaeilge, ach fórsa beo i saol spóirt agus pobail na tíre'.

**Dúirt Tom Parsons, Príomhfheidhmeannach Chumann Imreoirí Gael (GPA):**

'Tá áthas orainn tógáil ar an rath a bhí ar an scéim seo d'imreoirí anuraidh agus ar an éileamh as cuimse a bhí air. Léirigh sé an fonn láidir atá ag ár mbaill ár dteanga dhúchais a fhoghlaim nó a n-ábaltacht sa teanga a fheabhsú nó a threisiú. Is iontach an rud é gur féidir linn an deis céanna a thabhairt do níos mó imreoirí idirchontae i mbliana.'

**D'aontaigh Darren Ó Rodaigh, Príomhfheidhmeannach Ghaelchultúir le tuairimí Uí Bhroin:**

'Thaispeáin rath an chláir anuraidh go bhfuil éileamh láidir ann ar an nGaeilge i measc na n-imreoirí idirchontae. Ní ranganna amháin atá i gceist leis an scéim seo — spreagtar féiniúlacht, cultúr agus muintearas ar bhonn náisiúnta. Trí chumhacht a thabhairt d'imreoirí an Ghaeilge a úsáid go muiníneach, táimid ag tacú le ról na teanga a threisiú i sochaí laethúil na hÉireann.'

Is cúis mhór bhróid í an chomhpháirtíocht athnuaite seo do na heagraíochtaí ar fad atá bainteach léi, agus léiríonn sí an tiomantas comhroinnte atá acu an Ghaeilge a choinneáil i gcroílár fhéiniúlacht chultúrtha na hÉireann — ar an bpáirc, sa phobal agus do na glúnta atá le teacht.

# Foireann Bhuacach Chiarraí 2025



# Tuiscint, Meas agus Cur le Chéile




Nuair a chanann muid ár n-amhrán náisiúnta roimh ár gcluichí náisiúnta, léiríonn muid bród san fhéiniúlacht agus sa chultúr speisialta a cuireadh faoinár gcúram.

Tá dualgas orainn uilig onóir a thabhairt don traidisiún sin agus le sampla a thabhairt do dhaoine eile, agus do na glúnta atá le teacht, leis an ómós cuí a thabhairt dár n-amhrán náisiúnta i gcónaí ag ár gcluichí.

**Le linn Amhrán na bhFiann**
*Seas agus féach i dtreo bhratach na hÉireann.*

*Ná bíodh aon rud á chaitheamh agat ar do chloigeann.*

*Seas le do lámha ag do thaobhanna.*

*Fan i do sheasamh go mbeidh an nóta deireanach canta.*

## Amhrán na bhFiann

*Fonn/Tune: cumtha ag Peadar Ó Ceithearnaigh agus ag Pádraig Ó hÉanaigh*

*Liricí/Lyrics: cumtha ag Peadar Ó Ceithearnaigh agus aistrithe go Gaeilge ag Liam Ó Rinn*

***Sinne Fianna Fáil,***

***atá faoi gheall ag Éirinn,***

***Buíon dár slua***

***thar toinn do ráinig chugainn.***

***Faoi mhóid bheith saor***

***Seantír ár sinsear feasta,***

***Ní fhágfar faoin tíorán ná faoin tráill.***

***Anocht a théam sa bhearna bhaoil***

***Le gean ar Ghaeil, chun báis nó saoil***

***Le gunna scréach, faoi lámhach na bpiléar,***

***Seo libh canaig' Amhrán na bhFiann.***

Le Jamie Ó Tuama

# Os cionn 300 iománaí óg páirteach sna GAAgaeilge Go Games i bPáirc an Chrócaigh



Ambasadóir Gaeilge CLG, Fergal Whitely i mbun réiteoireachta ag na GAAgaeilge Go Games le gairid




Daingean Uí Chúis in aghaidh Ghaeltacht Iorrais

Ghlac os cionn 300 iománaí óg ó chlubanna Gaeltachta, ó Ghaelscoileanna agus ó mhórcheantair Ghaeilge páirt i mbliotsanna faoi 11 ag na GAAgaeilge Go Games a bhí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh inné, 24 Meitheamh. Ina gcomhluadar ar an lá, bhí Ambasadóir Gaeilge Chumann Lúthchleas Gael agus an t-iománaí de chuid Átha Cliath, Fergal Whitely, agus é ag spreagadh na bpáistí chun iomána agus lena gcuid Gaeilge a labhairt ar an lá. Bhí Fergal le feiceáil i mbun cóitseála agus i mbun réiteoireachta ar an lá freisin dar ndóigh!

I measc na gclubanna agus na scoileanna a bhí páirteach ann bhí Gaeltacht Iorrais, Micheál Breathnach, Cumann Camógaíochta Chois Fharraige, Scoil Uí Ghramhnaigh, Ráth Chairn, Scoil San Treasa (scoil Fergal Whitely), Cumann an Chloigthí, Cluain Dolcáin, Gaelscoil Oilibhéir, Mungairit Naomh Pól, An Mhodhscoil, Na Laochra Óga, Daingean Uí Chúis agus Na Gaeil Óga.

Ba iad Coiste Naisiúnta Gaeilge CLG, Oifigigh Ghaeilge na Mumhan agus Uladh a d'eagraigh na GAAgaeilge Go Games i gcomhar le Rannóg um Fhorbairt na gCluichí Náisiúnta, CLG. Gabhann siad buíochas leis na réiteoirí óga a tháinig ó Na Fianna agus ó Na Gaeil Óga agus a thug aire mhaith do na hiománaithe óga ar an lá.

Beidh na GAAgaeilge Go Games á n-eagrú arís amach anseo agus táthar ag súil le cuireadh a thabhairt do chlubanna as ceantair eile Ghaeltachta agus as Gaelscoileanna eile.

# Ceithre churadh nua tar éis na scléipe ag Comórtas Peile na Gaeltachta

*Le Jamie Ó Tuama*



*Éamonn Óg i mbun óráide lena chomhchaptaein Pól de Tiúit agus Daragh Ó Gríofa*

**Comórtas Sinsear na bhFear – Bhulf Tón agus An Tearmann**

Bhí sárchoimhlint againn i gCluiche Ceannais Chomórtas Sinsear na bhFear ag Comórtas Peile na Gaeltachta. Bhí an chosúlacht ar an scéal go mbeadh an bua ag an Tearmann nuair a chuaigh siad 11 cúilín chun tosaigh agus gan fágtha sa chluiche ach 11 nóiméad. Le leithéidí Adam Ó Néill, Tomás Ó Raghallaigh agus Oisín Ó Mairtín ag an stiúir d'fhoireann na Mí, áfach, ní raibh deireadh ráite ag Bhulf Tón.

Bhí an-tionchar ag an ngaoth ar an gcluiche agus thuig na foirne go maith go mbeadh orthu damáiste a dhéanamh ar chlár na scór nuair a bhí cóir na gaoithe leo. Sin é go díreach a rinne an Tearmann sa chéad leath agus chuaigh siad isteach chun tosaigh ag an mbriseadh ar scór 2-08 go dtí 0-06. Bhí an fear lár páirce Roibeárd Mag Eiteagáin iontach don Tearmann agus, níos minicí ná a mhalairt, d'éirigh leis an liathróid a bhuachan dá fhoireann ó na ciceanna amach.

In ainneoin na gaoithe láidre d'éirigh leis na Conallaigh an lámh in uachtar a fháil ar Bhulf Tón sa tríú ceathrú den chluiche seo. Nuair a d'éirigh le Caolán Mac an Bhaird agus Kyle Ó Móráin dhá scór dhá phointe a aimsiú i ndiaidh a chéile, áfach, d'athraigh an taoide agus chríochnaigh fir Bhaile Ghib an-láidir leis an mbua a fháil. Scór deiridh: Bhulf Tón 2-18 An Tearmann 3-12.

**Comórtas Sóisear na bhFear – Clann na nGael agus Naomh Náille**

Bhí slua mór bailithe isteach ag Páirc Ráth Chairn le breathnú ar an bhfoireann baile, Clann na nGael, agus iad ag tabhairt aghaidhe ar Naomh Náille i gCluiche Ceannais Sóisear na bhFear. Ba iad muintir Ráth Chairn agus Átha Buí a bhí

buacach agus d'éirigh leo an comórtas a thabhairt leo don chéad uair ó 1993 i leith. Tagann an bua mór seo sna sála ar bhua mór na mban ag Comórtas Peile na Gaeilge anuraidh i gCill na Martra i gCraobh Shóisear na mBan.

Ni raibh aon rud éasca ag Clann na nGael sa chluiche seo, mar sin féin, agus ní raibh ach an t-aon chúl amháin ag scaradh na bhfoirne ag an mbriseadh – 1-10 go dtí 0-10 i bhfabhar Chlann na nGael.

Bhí tionchar mór ag an ngaoth ar an gcluiche, áfach, agus d'éirigh le Clann na nGael an lámh in uachtar a fháil ar a gcéilí comhraic nuair a d'imir siad leis an ngaoth sa dara leath agus chríochnaigh siad go láidir. Choinnigh Ben Ó Corcra agus Tomás Ó Dúill ach go háirithe clár na scór ag bogadh don fhoireann baile. Scór deiridh: Clann na nGael 2-21 Naomh Náille 0-15.

**Cluiche Ceannais Sinsear na mBan – Baile Chláir na Gaillimhe agus An Clochán Liath**

Ba iad Baile Chláir na Gaillimhe agus An Clochán Liath, Dún na nGall, a d'imir in aghaidh a chéile i gCluiche Ceannais Sinsear na mBan. Bhí tionchar mór ag an ngaoth ar an gcluiche rud a d'fhág seaimpíní 2024, Baile Chláir, chun tosaigh go compordach ag an mbriseadh ar scór 4-03 go dtí 0-02. D'éirigh leis an gClochán Liath cruth níos fearr a chur ar chlár na scór sa dara leath, mar sin féin, agus chríochnaigh an cluiche ar scór 6-13 go dtí 4-06 i bhfabhar mhná na Gaillimhe.

Ba iad na himreoirí idirchontae de chuid na Gaillimhe Andrea Trill agus Cáit Ní Shléibhín is mó a sheas amach do Bhaile Chláir agus sheas Rianna Nic Riada agus Sophie Nic Suibhne amach don Chlochán Liath sa dara leath.

**Cluiche Ceannais Sóisear na mBan - Naomh Columba agus Bhulf Tón**

D'éirigh le Naomh Columba, Dún na nGall, an ceann is fearr a fháil ar Bhulf Tón na Mí i gCluiche Ceannais Sóisear na mBan. Na deirfiúracha Niamh agus Laura Ní Bhaoill is mó a sheas



*Foireann bhuacach Bhulf Tón tar éis a mbua ar an Tearmann i gCluiche Ceannais Sinsear Chomórtas Peile na Gaeltachta*

amach do na Conallaigh sa chluiche seo. Cé nach raibh ach cúig chúilín ag scaradh na bhfoirne ag leath ama bhí Naomh Columba i bhfad róláidir dá gcuid céilí comhraic sa dara leath agus chríochnaigh an cluiche ar scór 2-23 go dtí 0-08.

**Cluiche Ceannais Idirmheánach na mBan – Gaeil Fhánada agus Naomh Anna Leitir Móir**

Imríodh cluiche Ceannais Idirmheánach na mBan Dé Sathairn agus ba iad Gaeil Fhánada agus Naomh Anna Leitir Móir a thug aghaidh ar a chéile sa chluiche ceannais. D'éirigh le muintir Naomh Anna an ceann is fearr a fháil ar a gcéilí comhraic sa cheann seo agus gan ach t-aon chúilín amháin ag scaradh na bhfoirne nuair a séideadh an fhead dheiridh. Scór deiridh: Naomh Anna Leitir Móir 0-07 Gaeil Fhánada 0-06.

Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha




## *Faigh tacaíocht d'Ár dTeanga !*

## *Our Games – Our Heroes – Get support for Our Language!*

Is scéim tacaíochta de chuid Ghlór na nGael agus de chuid Chumann Lúthchleas Gael í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le haghaidh clubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirfidh Glór na nGael cuidiú ar fáil don Oifigeach Gaeilge i bhfoirm chomhairle,
tacaíochta agus idéanna le tógáil ar an obair mhaith atá á déanamh sa chlub cheana féin. Is féidir deontas a lorg ón Fhondúireacht chun cuidiú leis na pleananna sin a chur i gcrích agus bronnfar bonn ar na clubanna as méid áirithe a bhaint amach ar son na teanga.

The Joe McDonagh Foundation is a support service provided by Glór na nGael and the GAA to clubs wishing to further the Irish Language in their community. Glór na nGael will offer help to the Oifigeach Gaeilge to give them direction, support and ideas to build on the good work that has already been done within the club. Grants are available from the Foundation to help realise your plans and medals will be awarded to clubs for various levels of achievement in promotion of the language.





Glór na nGael

GAA

www.glornangael.ie

Foras na Gaeilge | S20 Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht | Crannchur Náisiúnta

# Corn Bhreandáin Uí Mháirtín ag Mná na Príomhchathrach

*Le Jamie Ó Tuama*




*Leah Caffrey, Hannah Tyrrell, Carla Rowe agus Nicole Owens ag ceiliúradh bhua stairiúil Átha Cliath*

Nuair a d'éirigh le mná Átha Cliath an ceann is fearr a fháil ar a gcomharsana béal dorais, an Mhí, i gCluiche Ceannais Peile na mBan i mí Lúnasa seo caite, cinntíodh go raibh Corn Bhreandáin Uí Mháirtín ag fanacht cois Life don séú huair le naoi mbliana anuas.

Rinne foireann Átha Cliath éacht faoi stiúir a gcuid bainisteoirí nua, Paul Casey agus Derek Murray, a tháinig i gcomharbacht ar Mick Bohan a d'éirigh as mar bhainisteoir ar Áth Cliath anuraidh.

Ar a mbealach chuig Cluiche Ceannais na hÉireann, d'éirigh le foireann Átha Cliath Craobh Laighean a bhuachan don 12ú huair i ndiaidh a chéile nuair a fuair siad an ceann is fearr ar an Mí sa chluiche ceannais.

Ina dhiaidh sin, d'éirigh leo an ceann is fearr a fháil ar Liatroim agus bhí comhscór acu in aghaidh Phort Láirge lena n-áit a dheimhniú sa chluiche ceathrú ceannais. Fuair siad an ceann is fearr ar Chorcaigh sa chluiche ceathrú ceannais sin agus bhí Gaillimh ag fanacht idir iad féin agus áit i gCluiche Ceannais na hÉireann.

Thóg sé am breise agus cúl slachtmhar sciliúil ó sháil Carla Rowe sa nóiméad deireanach leis an gceann is fearr a fháil ar na Gaillimhigh agus lena gcur tríd chuig Cluiche Ceannais na hÉireann.

Mná na Mí arís eile a bhí ag fanacht orthu i gCluiche Ceannais na hÉireann agus bhí athimirt againn ar Chluiche Ceannais Laighean agus ar Chluiche Ceannais na hÉireann 2021 nuair a chuir an Mhí stop le sodar na Jackies a bhí ar thóir a gcúigiú Craobh Uile-Éireann i ndiaidh a chéile an lá sin.

Thug foireann Átha Cliath sárthaispeántas sa chluiche ceannais agus bhí an lámh in uachtar acu ar a gcéilí comhraic ó luath sa chluiche, rud a d'fhág go raibh smacht acu ar an gcluiche. Ba iad Hannah Tyrell, Carla Rowe, Kate Sullivan agus Niamh Hetherton ba mhó a sheas amach d'Áth Cliath ar an lá. Chríochnaigh an cluiche ar scór 2-16 go dtí 0-10 agus bhí Corn Bhreandáin Uí Mháirtín ar ais sa phríomhchathair.

# Laochra Gael - Tír Chonaill Abú




TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN
#GAAgaeilge
Listen On
Spotify




Cumann Lúthchleas Gael

SCÓR

GAA

# Ceiliúradh ar Amhránaíocht, Dhamhsa, Cheol agus ar Dhrámaíocht

Rince Foirne | Amhránaíocht Aonair | Aithriseoireacht/Scéalaíocht | Bailéad-Ghrúpa Nuachleas | Ceol Uirlise | Rince Seit | Tráth na gCeist

**Tuilleadh eolais:**
**www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor**

GAA

**TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN**

# Corn Uí Dhufaigh leis an ngeimhreadh a chaitheamh i nGaillimh i measc na dtreabh

**Le Brian Barry**




*Foireann bhuacach na Gaillimhe*

Tá Corn Uí Dhufaigh chun an geimhreadh a chaitheamh thar Sionainn don chéad uair ó 2021, agus Gaillimh tar éis stop a chur le Corcaigh sa chluiche ceannais i mbliana.

Bhí foireann Ger Manley mar rogha na coitiantachta sular caitheadh an sliotar isteach i bPáirc an Chrócaigh, agus bhí an teideal sin tuillte go maith acu. Bhuadar Craobh na hÉireann i 2023 agus 2024, agus nuair a chuaigh corn na Sraithe cois Laoi i mí Aibreáin, bhí cuma ar an scéal go rabhadar ar chaighdeán níos airde ná foireann ar bith eile.

Tar éis an-iomaíocht sna grúpaí, bhí cluichí ar leith againn sna babhtaí ceathrú ceannais. Bhain an Clár geit as Port Láirge sa chéad leath, ach d'éirigh leis an Déise an lámh in uachtar a fháil ar deireadh.

Ní raibh 60 nóiméad in ann Tiobraid Árann agus Cill Chainnigh a scaradh óna chéile an lá dár gcionn, ach fuair Clodagh McIntyre cúl den scoth do Thiobraid Árann in am breise chun iad tríd chuig an gcluiche leathcheannais.

Sna cluichí sin i bPáirc Uí Nualláin, ba léir go raibh Gaillimh agus Corcaigh ar leibhéal eile, agus shocraíodar cath na camógaíochta don 10ú Lúnasa i bPáirc an Chrócaigh.

Sa chluiche ceannais féin, bhíodar gob ar ghob, gan ach cúpla nóiméad fágtha théis cogadh dearg. Ach in am an ghátair, sheas Carrie Dolan chun cinn, agus dhein sí an beart ó phoc saor chun bua cáiliúil a chinntiú do na Gaillimhigh.

D'éirigh le Laois agus le hUibh Fháillí coirn a bhailiú freisin ar an lá, agus iad mar sheaimpíní na hÉireann i ngráid na sóisear agus idirmheánach.

# Na Gaiscígh: Seosamh Ó Conghaile – a mhuintir na Gaillimhe, grá ár gcroí sibh!

Tá Seosamh Ó Conghaile ar cheann de na laochra iomána is mó a d'eascair as Gaillimh riamh. De bhunadh Chonamara a mhuintir, ach rugadh agus tógadh Seosamh sa Chaisleán Gearr i gcontae na Gaillimhe sa bhliain 1956.

Bhí an iomáint go smior i muintir Uí Chonghaile ó aois óg agus d'imir Joe, mar is fearr aithne air, agus a dheartháireacha leis an gCaisleán Gearr ó bhí siad an-óg.

Ba sa bhliain 1974 a d'imir Joe a chéad chluiche le foireann shinsear an Chaisleáin Ghearr agus d'éirigh leis dhá chraobh chontae (1979 agus 1984), dhá chraobh chonnacht (1979 agus 1984) chomh maith le Craobh na hÉireann, sa bhliain 1980, a bhuachan leo le linn a laethanta imeartha. Bhí an Caisleán Gearr ar an gcéad chlub as cúige Chonnacht le Craobh Shinsear na hÉireann a bhuachan nuair a bhuaigh siad í an bhliain sin.

Imreoir lántosach a bhí Joe a bhí tiomanta go hiomlán do chúis mhuintir an Chaisleáin Ghearr agus na Gaillimhe. D'oibrigh sé go crua i gcónaí ar mhaithe lena fhoireann agus bhí tréith láidir na ceannaireachta go smior ann i gcónaí.

Maidir leis an gcontae d'imir Joe le mionúir agus le foireann f21 na Gaillimhe. D'imir sé 22 uair ar fad le foireann shinsear na Gaillimhe idir na blianta 1976 agus 1884 agus d'aimsigh sé 12-52 ar fad sna cluichí sin. Bhuaigh sé Gradam All-Star amháin sa bhliain 1980 mar aitheantas ar a chuid éachtaí ar an bpáirc imeartha agus ba é Joe a roghnaíodh mar Imreoir na Bliana an bhliain chéanna.


Rinne sé ionadaíocht ar chúige Chonnacht i gComórtas an Iarnróid idir na blianta 1979 agus 1982. Bhí sé ina chaptaen buacach le cúige Chonnacht sa bhliain 1980 agus bhuaigh sé bonn eile i 1982. Bhuaigh sé bonn Chorn Mhic Giobúin, freisin, sa bhliain 1977.

Cuimhneofar ar Sheosamh go deo de bharr na hóráide buacaí a bhí spreagúil agus lán le paisean a thug sé i nGaeilge ó chéimeanna Ardán Uí Ógáin sa bhliain 1980 tar éis do Ghaillimh an ceann is fearr a fháil ar Luimneach i gCluiche Ceannais na hÉireann ar scór 2-15 go dtí 3-09.

San óráid bhuacach chéanna labhair Joe faoi mhuintir na Gaillimhe a bhí scaipthe ar fud an domhain agus faoi chúrsaí imirce. Tá an óráid le cloisteáil ina iomláine ANSEO.

Cuimhneoidh muintir na Gaillimhe ar chara mór Joe, Seosamh Mac Donncha, freisin agus é ag casadh 'The West's Awake' tar éis bhua mór na Gaillimhe.

B'in é an chéad Chraobh Uile-Éireann a bhí buaite ag Gaillimh ó 1923 i leith.



# Séasúr Scór na nÓg 2025 faoi lánseol

*Le Jamie Ó Tuama*



Tá Scór na nÓg ar ais! Tá an t-am tagtha do bhaill óga agus do chlubanna de chuid CLG ó cheann ceann na tíre an dusta a bhaint de na bróga damhsa agus de na huirlisí ceoil, agus gabháil ag cleachtadh a gcuid amhrán, a gcuid scéalta agus a gcuid aisteoireachta an athuair.

Tá go leor leor laethanta siamsaíochta amach romhainn agus beidh sé de sprioc ag siamsóirí óga i gclubanna fud fad na tíre a gcuid tallainne a léiriú ar an stáitse mór ag babhtaí éagsúla de chuid Scór na nÓg!

Dúirt Póilín Mhig Aoidh, Cathaoirleach Choiste Náisiúnta Scór;

'Beidh an nuacht seo ina chúis mhór áthais ag lucht Scór ó cheann ceann na tíre agus guíonn muid gach rath ar na mílte duine óg a bheidh ag glacadh páirte i mbabhtaí éagsúla uaidh seo go ceann roinnt míonna.

'Cúis mhór áthais dúinn a fhógairt chomh maith go mbeidh muid ag filleadh ar an INEC agus ar Chill Airne do Bhabhtaí Ceannais na hÉireann agus tá muid ag súil go mór leis an scléip atá amach romhainn.'

Babhtaí Ceannais Cúige agus Uile-Éireann Scór na nÓg 2025:

***Babhtaí Ceannais Chonnacht, 29 Samhain***
***Babhtaí Ceannais na Mumhan, 30 Samhain***
***Babhtaí Ceannais Uladh, 6 Nollaig***
***Babhtaí Ceannais Laighean, 7 Nollaig***
***Babhtaí Ceannais na hÉireann, 24 Eanáir, 2026, INEC Cill Airne***

Comórtas é Scór de chuid Chumann Lúthchleas Gael a cheanglaíonn na dathanna agus an iomaíocht a bhaineann leis na cluichí Gaelacha leis an gcuid spraoi agus leis an gcuid cultúrtha de chaithimh aimsire na hÉireann.

Tá ocht gcomórtas éagsúla ar fad ag Scór a chlúdaíonn gach gné de chultúr na hÉireann: Rince Foirne, Amhránaíocht Aonair, Aithriseoireacht/Scéalaíocht, Bailéadghrúpa, Nuachleas, Ceol Uirlise, Rince Seit, Tráth na gCeist. Tá Scór na nÓg ann do dhaoine faoi bhun 17 agus tá Scór Sinsear ann do dhaoine os cionn 17.

Eagraítear Scór go dátheangach - i nGaeilge agus i mBéarla - agus fáiltítear roimh iontrálacha sa dá theanga.

Is féidir coinneáil suas chun dáta maidir le gníomhaíochtaí Scór ar an leathanach Facebook oifigiúil ***@GAAScórOifigiúil***.

# Roinnt Téarmaí don Fhoireann Bainistíochta

| | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A | Ó | B | A | I | N | I | S | T | E | O | I | R | S | D | O | B | O |
| N | H | Í | O | S | A | L | A | L | C | H | Á | P | A | O | R | T | I |
| A | L | F | I | Á | S | N | I | Í | L | R | D | E | I | Á | G | T | F |
| I | T | E | I | F | Á | E | M | A | N | S | G | M | N | H | I | E | I |
| L | N | I | A | E | M | A | O | R | U | I | S | C | E | A | S | O | G |
| Í | T | G | I | A | A | R | D | G | U | H | R | A | O | N | E | A | E |
| S | I | H | D | O | C | T | Ú | I | R | M | D | H | L | H | S | U | A |
| Í | E | L | I | A | S | A | É | E | L | I | R | M | A | D | I | E | C |
| F | A | Í | D | Á | M | G | B | C | R | E | U | I | Í | S | A | E | H |
| E | L | F | B | E | É | U | I | I | D | H | B | S | C | H | N | S | I |
| I | F | E | N | A | Ó | S | R | E | A | R | C | H | O | A | I | Í | D |
| D | G | I | E | T | A | A | C | R | A | G | U | A | T | I | N | C | I |
| H | R | S | I | N | N | C | M | O | A | R | O | I | H | I | G | E | R |
| M | P | T | M | R | H | L | I | G | H | N | A | N | Ú | I | L | O | C |
| Í | S | I | Á | M | T | Ú | A | H | É | R | G | L | C | O | D | L | H |
| O | D | S | L | E | I | O | A | N | O | C | H | N | H | Í | S | A | A |
| C | H | T | A | Á | I | N | C | Ó | I | T | S | E | Á | L | A | Í | I |
| H | L | R | Í | N | É | L | A | I | T | L | I | T | I | A | O | M | D |
| T | Í | I | T | N | H | A | U | R | A | I | N | S | N | A | M | G | R |
| A | B | F | I | S | I | T | E | I | R | I | P | E | O | I | R | R | I |
| Ú | A | N | A | U | T | A | H | N | T | U | É | H | F | Ú | A | R | M |
| T | I | R | Á | C | A | B | N | I | G | H | S | E | Ú | A | É | L | H |

*Aimsigh na Focail!*

***Bainisteoir*** *(Manager)*

***Roghnóir*** *(Selector)*

***Maor Uisce*** *(Water carrier)*

***Cóitseálaí*** *(Coach)*

***Neart agus Aclú*** *(Strength and Conditioning)*

***Anailísí Feidhmíochta*** *(Performance Analysist)*

***Saineolaí Cothúcháin*** *(Nutritionist)*

***Feighlí Feistis*** *(Kitman)*

***Dochtúir*** *(Doctor)*

***Fisiteiripeoir*** *(Physio)*

***Oifigeach Idirchaidrimh*** *(Liaison Officer)*

***Síceolaí*** *(Psychologist)*



# Crosfhocal


## TRASNA

1. Bainisteoir Peile Chiarraí, 1, 6
3. Ambasadóir Gaeilge CLG, 7
6. Dath na brataí do scór dhá phointe, 7
8. Bainisteoir iomána Chill Chainnigh, 4
9. Cathaoirleach Chomhairle Uladh ___, 9
11. Leasainm Chill Chainnigh, 2,4
14. Liathróid iomána, 7
16. Peileadóir de chuid Dhún na nGall, 1,6
17. Bainisteoir Iománaithe Phort Láirge, 7
18 Bainisteoir Peile na Mí, 7

## SÍOS

1. Tosach de chuid Mhaigh Eo, 1,8
2. Foireann bhuacach 2011, 3,8
4. Iománaí Óg na Bliana, 5
5. Curaidh Peile Laighean, ______, 2
7. Baile an Luimnigh, Páirc na ______, 5
10. Contae Conor Whelan, 8
12. Club Con O'Callaghan, 5
13. Contae Ben O'Connor, 8
14 Club i gCill Chainnigh, Na ___, 8
15. Freagra de chuid Hawkeye, 2



FREAGRAÍ

# Camchuairt Cheolmhar na hÉireann

**Ag leanúint orainn ar thuras bóthair timpeall na tíre chun amhráin éagsúla a bhaineann le gach contae a cheiliúradh, is ag triall ar Ard Mhacha atáimid san eagrán seo leis an amhrán ársa álainn:**

*Le hAedín Ní Bhriain*

**ÚIRCHILL AN CHREAGÁIN**


**Reilig an Chreagáin in aice le Cros Mhic Lionnáin, Contae Ard Mhacha.**

Is é seo an t-amhrán is mó a cheiliúrtar i dtraidisiún Oriel. Dán aislinge nó íse atá ann.

Chum Art Mac Cumhaigh ón gCreagán (1738-73), a raibh an-tóir ar a chuid amhrán/ filíochta in amhráin na ndaoine, an t-amhrán seo. Tá an file ag caoineadh titim thaoisigh Uí Néill a raibh caisleán acu i nGlasdrommainn in aice láimhe.

De réir dealraimh, bhí an file ag tuama Uí Néill i Reilig an Chreagáin, agus tar éis dó titim ina chodladh, shamhlaigh sé gur tháinig spéirbhean chuige, ag tabhairt cuireadh dó chuig tír faoi mhil 's faoi bhláth, ag éalú ó bhuaraimh an tsaoil, ón mbochtaineacht agus ón easpa pátrúnachta go háitiúil.










### *Úirchill A' Chreagáin*

*Ag úr-chill an Chreagáin sea chodail mé aréir faoi bhrón,*
*'S le héirí na maidne tháinig ainnir fá mo dhéin le póig,*
*Bhí a gríosghrua ghártha aici agus loinnir ina ciabh mar ór,*
*'S ba é íocshláinte an domhain a bheith ag amharc ar an ríoghan óig.*

*'A fhialfhir charthannaigh, ná caitear thusa i néaltaí bróin,*
*Ach éirigh go tapaidh agus aistrigh liom siar sa ród*
*Go tír dheas na meala nach bhfuair Galla inti réim go fóill,*
*'S gheobhair aoibhneas ar hallaí do mo mhealladh-sa le siamsa ceoil.'*

*'A ríoghan dheas mhilis, an tú Héilean fár tréaghdadh an tslóigh,*
*Nó an de na naoi mná deasa Pharnassus thú a bhí déanta i gcló?*
*Cá tír ins an chruinne inar hoileadh thú, a réalt gan cheo?*
*Le gur mhian leat mo shamhailse a bheith ag cogarnaigh leat siar sa ród.'*

*'Ná fiafraigh domhsa an cheist sin, nó cha chodlaim ar an taobh seo den Bhóinn,*
*Is síogaí beag linbh mé a hoileadh le taobh Ghráinne Óig,*
*I mbruíon cheart na n-ollamh bím go follas ag dúscadh an cheoil,*
*Bím san oíche i dTeamhair is ar maidin i lár Thír Eoghain.'*

*'Sé mo ghéarghoin tinnis gur theastaigh uainn Gaeil Thír Eoghain*
*Agus oidhrí an Fheadha gan seaghais faoi lic dár gcomhair,*
*Géaga glandaite Néill Fhrasaigh nach dtréigfeadh an ceol,*
*'S chuirfeadh éideadh fá Nollaig ar na hollaimh a bheadh ag géilleadh dóibh.'*


10 gCéim Chun Tosaigh don Ghaeilge sa Chlub
Amhrán na bhFiann
Ambasadóir Gaeilge don Chlub
Clárú le FSMD
Ciorcal Comhrá
Comharthaí Gaeilge
Oifigeach Gaeilge a Cheapadh
Pop-Up Gaeltacht
Na Meáin Shóisialta
Lá na Gaeilge sa Chlub
Eolas faoi Scoláireachtaí Gaeltachta a Scaipeadh
Do Chlub, Do Chéim
#GAAgaeilge
GAA.ie/thegaa/cultur-agus-gaeilge

# GAA Ag Dul i nGleic le Bulaíocht

GAA

Tá sé mar aidhm ag CLG timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le haon chineál bulaíochta inti.

Glacaimid le cur chuige eagraíochtúil le dul i ngleic le bulaíocht agus táimid tiomanta do struchtúir agus oiliúint ábhartha a chur i bhfeidhm le déileáil le líomhaintí bulaíochta. Breathnaítear ar eachtraí bulaíochta mar sháruithe tromchúiseacha ar ár gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige, Ár gCluichí – Ár gCód/ Our Games – Our Code.

Táimid tiomanta d'éiteas measa a bhaint amach chun cumas ár mball ar fad a uasmhéadú agus iad ag imirt nó páirteach inár gCluichí Gaelacha.

## CÉARD IS BULAÍOCHT ANN?

Tá ana-chuid samplaí bulaíochta ann:

- **Ó BHÉAL:** iarmhairtí a bhagairt, ráflaí a scaipeadh, ainmneacha a ghlaoch, magadh, ráitis ghnéis/chiníocha/seicteacha a dhéanamh, magadh faoi chuma fhisiciúil nó cumas spóirt.
- **FISICIÚIL:** ciceáil, dorn a chaitheamh, bualadh, seile a chaitheamh, greim a bhaint, cor coise a chur i nduine, goid nó milleadh maoine agus trealaimh.
- **MOTHÚCHÁNACH:** neamhaird a thabhairt, duine a fhágáil amach, trioblóid a tharraingt ar dhuine, cúlchaint, nótaí/litreacha/graifítí gránna a scríobh, litreacha/teachtaireachtaí téacs/ríomhphoist nó tuairimí gránna a scríobh.
- **CIBEARBHULAÍOCHT:** nuair a úsáidtear teachtaireachtaí meandracha, ríomhphoist, teachtaireachtaí téacs, leathanaigh ghréasáin nó láithreáin líonraithe shóisialta chun ráflaí a scaipeadh, bagairtí nó ciapadh a dhéanamh. D'fhéadfaí teachtaireachtaí scríofa, grianghraif, físeáin nó teachtaireachtaí béil a áireamh ann.

## BULAÍOCHT A CHOSC

Tá sé de fhreagracht ar gach duine sa Chlub eachtraí Bulaíochta a chosc nó más gá, déileáil leo.

**Ba cheart d'imreoirí, cóitseálaithe agus Clubanna CLG:**

- ✓ Cód Iompair a chur i bhfeidhm agus iad ag obair le himreoirí faoi aois
- ✓ Timpeallacht thacúil a chruthú nach nglacfar le Bulaíocht inti
- ✓ Tacú le héiteas an Chlub go bhfuil sé 'ceart go leor insint'
- ✓ Gach duine a chur ar an eolas maidir lenár mBeartas Frithbhulaíochta
- ✓ An tionscnamh Tabhair Meas – Tuill Meas a chur chun cinn

TABHAIR MEAS TUILL MEAS
Ár gcluichí. Ár rogha.

Tá sé de fhreagracht ar an Oifigeach Leanaí i ngach Club 'éiteas Frithbhulaíochta' a chur chun cinn agus a chinntiú go gcloíonn an Club leis an gCód Dea-Chleachtais i Spórt don Óige – Ár gCluichí – Ár gCód.

## DÉILEÁIL LE BULAÍOCHT

Cén chaoi a mbíonn a fhios agat gur Bulaíocht atá i gceist? Cuir na ceisteanna seo a leanas ort Féin:

**DÍRITHE** An bhfuil an t-iompar dírithe ar ghrúpa nó ar dhuine aonair?

**FAD** HAn bhfuil an t-iompar seo ar siúl le tréimhse ama?

**MINICÍOCHT** Cé chomh minic is a bhfuil an t-iompar agus an bhfuil pátrún ann?

**CUSPÓIR** An é cuspóir an iompair pian/dochar/anacair a chur ar dhuine nó ar ghrúpa?

Ba cheart go mbeadh gach ball de Chlub CLG nó gach duine a fhreastalaíonn ar ár gcluichí nó gníomhaíochtaí ar an eolas nach nglactar le Bulaíocht sa CLG



TIG LE BULAÍOCHT TARLÚ

Ó Dhuine Óg go Duine Óg

Dhuine Óg go Duine Fásta

Dhuine Fásta go Duine Óg

# Freagraí

***P. 10***
***10 X Ceist #GAAgaeilge Oraibh***

1. Port Láirge
2. Dún na nGall
3. Shane O'Donnell
4. Tír Eoghain
5. 5
6. Labhrás Mac Cárthaigh
7. Páirc Uí Nualláin
8. Corcaigh
9. Na Fianna
10. Lú

***P. 27***
***Crosfhocal***

| | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| O | C | O | N | N | O | R | | | | Á | | | | | |
| D | | | | | | | W | H | I | T | E | L | Y | | |
| O | R | Á | I | S | T | E | | O | | H | | Ú | | | |
| N | | | | | | | | G | | C | | | | | |
| O | | | | | | N | | A | | L | Y | N | G | | |
| G | E | O | G | H | E | G | A | N | | I | | | | | |
| H | | | A | | | A | | | N | A | C | A | I | T | |
| U | | | I | | | E | | | | T | | | | | C |
| E | | | L | | | L | | | | H | | | | | U |
| | | | L | | | | | | | | | C | | | A |
| | S | L | I | O | T | A | R | | Ó | B | A | O | I | L | L |
| | E | | M | | Á | | | | | | | R | | | A |
| | A | | H | | | | | | | | | C | | | |
| | M | | | | | | | | Q | U | E | A | L | L | Y |
| B | R | E | N | N | A | N | | | | | | I | | | |
| | Ó | | | | | | | | | | | G | | | |
| | G | | | | | | | | | | | H | | | |
| | A | | | | | | | | | | | | | | |



# MÍLE BUÍOCHAS

**Míle buíochas le gach duine a chuir ábhar ar fáil don eagrán is deireanaí seo de 'Cuaille'. Cuirtear fáilte roimh aiseolas agus is féidir tuairimí a chur in iúl nó ceisteanna a chur chuig jamie.otuama@gaa.ie.**

**Arna chur ar fáil ag Rannóg Cumarsáide Chumann Lúthchleas Gael i bPáirc an Chrócaigh agus á chur in eagar ag Jamie Ó Tuama.**

**Deartha ag DBA Publications,**
**An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.**

GAA TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN

TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN